Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6623/26**

**EF 42**
**ECOFIN 239**
**DELACT 37**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Feabhra 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 990 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 20.2.2026 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/577 a mhéid a bhaineann leis an gcaidhpeáil méide agus soláthar faisnéise chun críoch trédhearcachta agus ríomhanna eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 990 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 990 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.2.2026
C(2026) 990 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 20.2.2026**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/577 a mhéid a bhaineann leis an gcaidhpeáil méide agus soláthar faisnéise chun críoch trédhearcachta agus ríomhanna eile**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] ('MiFIR'), rialaítear an chaoi a n-oibríonn an trádáil san Aontas. Tugadh isteach na leasuithe reachtacha is déanaí ar MiFIR le Rialachán (AE) 2024/791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] ('an t-athbhreithniú ar MiFIR'). Leis an athbhreithniú ar MiFIR, baineadh na príomhbhacainní ar thrí theilitéip chomhdhlúite a chruthú, ceann amháin le haghaidh gach ceann de na haicmí sócmhainní seo a leanas: (i) bannaí; (ii) scaireanna agus cistí arna dtrádáil ar an malartán (ETFanna); agus (iii) díorthaigh thar an gcuntar (OTC). Leis an athbhreithniú ar MiFIR, feabhsaíodh an trédhearcacht agus méadaíodh iomaíochas mhargaí an Aontais sa timpeallacht dhomhanda. Ós rud é go bhfuil forálacha i dTreoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] ('MiFID II') freisin maidir leis na teilitéipeanna comhdhlúite agus an trédhearcacht, le Treoir (AE) 2024/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], leasaíodh MiFID II i gcomhthráth leis an athbhreithniú ar MiFIR. Foilsíodh an dá ghníomh leasaitheacha araon in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 8 Márta 2024 agus tháinig siad i bhfeidhm an 28 Márta 2024.

Faoi Airteagal 5 de MiFIR, ba cheart úsáid tarscaoiltí trédhearcachta le haghaidh ionstraimí cothromais a chur ar fionraí nuair a shroicheann an méid trádála sna hionstraimí sin tairseacha socraithe, dá ngairtear freisin an 'chaidhpeáil méide'. Leis an athbhreithniú ar MiFIR, tugadh isteach leasuithe ar Airteagal 5 de MiFIR chun úsáid na caidhpeála méide a shimpliú, go háirithe trí chaidhpeáil aonair méide uile-Aontais a chur in ionad na caidhpeála dúbailte méide, caidhpeáil a shocraítear ag 7 % den mhéid iomlán trádála ar gach ionad trádála ar fud an Aontais sa 12 mhí roimhe sin. Níl feidhm ag an gcaidhpeáil aonair méide ach amháin maidir le hidirbhearta a dhéantar faoin tarscaoileadh praghais tagartha. Ina theannta sin, d'fhonn an t-ualach tuairiscithe ar rannpháirtithe sa mhargadh a laghdú, chinn an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) scor den chóras caidhpeála dúbailte méide, agus sonraí idirbhirt a thuairiscítear faoi Airteagal 26 de MiFIR a úsáid chun ríomhanna caidhpeála méide a dhéanamh[5]. I bhfianaise na n-athruithe sin, is gá Rialachán Tarmligthe (AE)

[1] Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/600/oj).

[2] Rialachán (AE) 2024/791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a mhéid a bhaineann le trédhearcacht sonraí a fheabhsú, deireadh a chur leis na bacainní atá ar theacht chun cinn teilitéipeanna comhdhlúite, na ceanglais trádála a bharrfheabhsú agus toirmeasc a chur ar íocaíocht a fháil i leith sreabhadh orduithe (IO L, 2024/791, 8.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/791/oj).

[3] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/2025-01-17).

[4] Treoir (AE) 2024/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2024 lena leasaítear Treoir 2014/65/AE maidir le margaí in ionstraimí airgeadais (IO L, 2024/790, 8.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/790/oj).

[5] Rinne ESMA Cruthúnas Coincheapa tiomnaithe chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí sonraí idirbhirt a thuairiscítear i gcomhréir le hAirteagal 26 de MiFIR a úsáid chun na ríomhanna caidhpeála méide a dhéanamh freisin. I bhfianaise thorthaí dearfacha an mheasúnaithe sin, rinne ESMA an cinneadh an córas caidhpeála dúbailte méide a dhíchoimisiúnú. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an Tuarascáil Chríochnaitheach maidir le trédhearcacht cothromais a foilsíodh an 16 Nollaig 2024 (ESMA74-2134169708-7636 Tuarascáil Chríochnaitheach maidir le trédhearcacht cothromais).

2017/577 ón gCoimisiún[6] maidir leis an sásra caidhpeála méide agus soláthar faisnéise chun críoch trédhearcachta agus ríomhanna eile a thabhairt cothrom le dáta.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, rinne ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte le páirtithe leasmhara [7] sular chuir sé na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála faoi bhráid an Choimisiúin. Chuaigh sé i gcomhairle freisin leis an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí. Rinne ESMA anailís ar chostais agus tairbhí, a cuimsíodh sa tuarascáil chríochnaitheach in éineacht le toradh na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin[8]. Sheol sé an tuarascáil chríochnaitheach chuig an gCoimisiún i mí Aibreáin 2025. Ina dhiaidh sin, chuaigh ESMA i gcomhairle leis an bpobal maidir le cur chuige cuimsitheach chun tuairisciú idirbheart airgeadais a shimpliú[9]. Déanann an comhairliúchán sin difear d'ábhar na gcaighdeán teicniúil rialála sin, ós rud é gur chinn ESMA a chinneadh roimhe sin scor de bhailiú sonraí tagartha chun críche ríomhanna trédhearcachta sa Chóras Trédhearcachta Ionstraimí Airgeadais a chur ar fuireach. Go háirithe, d'iarr ESMA ar an gCoimisiún an clásal éagtha ábhartha a bhaint de na caighdeáin theicniúla rialála sin.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

- Le hAirteagal 1, tugtar isteach leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/577.
- In Airteagal 2, luaitear an tráth a thiocfaidh an Rialachán Tarmligthe seo i bhfeidhm.

---

6 Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/577 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála maidir leis an sásra caidhpeála méide agus soláthar faisnéise chun críoch trédhearcachta agus ríomhanna eile (IO L 087, 31.3.2017, lgh. 174–182, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/577/oj).

7 Tá an doiciméad comhairliúcháin le fáil ag: https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/2024-07/ESMA74-2134169708-7011_MiFIR_Review_CP_3.pdf

8 ESMA, *Final report on Systematic Internaliser notification (new ITS), on the volume cap and transparency calculations (RTS 3) and circuit breakers (new RTS 7a)* [Tuarascáil chríochnaitheach maidir le fógra a thabhairt faoi Inmheánaitheoirí Córasacha (caighdeán teicniúil cur chun feidhme nua), maidir leis an gcaidhpeáil méide agus na ríomhanna trédhearcachta (Caighdeán Teicniúil Rialála 3) agus scoradáin trádála (Caighdeán Teicniúil Rialála 7a nua)], le fáil ag: ESMA74-2134169708-7780_Final_Report_on_SI_notification__volume_cap_and_circuit_breakers.pdf

9 Tá an Glao ar fhianaise le fáil ag: Tuairisciú idirbheart airgeadais a chuíchóiriú:Iarrann ESMA ionchur

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 20.2.2026**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/577 a mhéid a bhaineann leis an gcaidhpeáil méide agus soláthar faisnéise chun críoch trédhearcachta agus ríomhanna eile**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012[10], agus go háirithe Airteagal 5(9) agus Airteagal 22(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2024/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], leasaíodh an sainmhíniú ar 'inmheánaitheoir córasach' a leagtar síos in Airteagal 4(1), pointe (20), de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12]. Leis an leasú sin, cuireadh measúnú cáilíochtúil in ionad na gcritéar cainníochtúil a úsáideadh chun a chinneadh cad is bonn minic, córasach agus substaintiúil ann agus teorannaíodh an measúnú sin d'ionstraimí cothromais amháin, ach tá an deis fós ag gnólacht infheistíochta rogha a dhéanamh a bheith ina inmheánaitheoir córasach le haghaidh ionstraimí neamhchothromais. Is gá, dá bhrí sin, an oibleagáid atá ar ionaid trádála, ar shocruithe formheasta maidir le foilsiú agus ar sholáthraithe teilitéipe comhdhlúite a scriosadh ó Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/577 ón gCoimisiún[13], is é sin an oibleagáid a sholáthar dá n-údaráis inniúla na sonraí is gá chun na ríomhanna a leagtar amach in Airteagail 12 go 15 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún[14] a dhéanamh, ar ríomhanna iad a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh na critéir chainníochtúla ábhartha.

---

10 IO L 173, 12.6.2014, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/600/oj.

11 Treoir (AE) 2024/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2024 lena leasaítear Treoir 2014/65/AE maidir le margaí in ionstraimí airgeadais (IO L, 2024/790, 8.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/790/oj).

12 Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj).

13 Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/577 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála maidir leis an sásra caidhpeála méide agus soláthar faisnéise chun críoch trédhearcachta agus ríomhanna eile (IO L 87, 31.3.2017, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/577/oj).

14 Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais eagraíochtúla agus coinníollacha oibriúcháin do ghnólachtaí infheistíochta agus téarmaí sainithe chun críocha na Treorach sin (IO L 87, 31.3.2017, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/565/oj).

(2) Chun críoch trédhearcachta agus ríomhanna eile, déantar sonraí a thuairisciú faoi láthair trí úsáid a bhaint as an bhformáid XML. Chun teacht leis an gcleachtas maoirseachta atá ann faoi láthair, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/577 a leasú chun a shonrú gur cheart an fhormáid XML a úsáid le haghaidh sonraí a thuairiscítear chun ríomhanna a dhéanamh a dhéantar ar dhátaí réamhshocraithe nó ag minicíochtaí réamhshainithe.

(3) D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) agus ar na húdaráis inniúla sonraí a iarraidh ar bhonn *ad hoc* ó ionaid trádála, socruithe formheasta maidir le foilsiú agus soláthraithe teilitéipe comhdhlúite mar chuid dá measúnú ar an trédhearcacht réamhthrádála agus iarthrádála agus ar na córais oibleagáide trádála. Chun gur féidir sonraí a sheachadadh go héifeachtúil agus chun comhdhlúthú a dhéanamh le sonraí comhchosúla ó fhoinsí eile, ba cheart ESMA agus údaráis inniúla, i gcás iarrataí *ad hoc* ar shonraí, a bheith in ann an fhormáid a shonrú inar cheart na sonraí a thíolacadh. Chun an t-ualach ar rannpháirtithe sa mhargadh a íoslaghdú, ba cheart do ESMA agus d'údaráis inniúla brath a mhéid is féidir ar thacair sonraí atá ann cheana, lena n-áirítear sonraí idirbhirt a thuairiscítear i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, agus gan dul i muinín iarrataí *ad hoc* ar shonraí ach amháin i gcás inar gá.

(4) Le Rialachán (AE) 2024/791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15], leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 tríd an oibleagáid atá ar oibreoirí ionad trádála, socruithe formheasta maidir le foilsiú agus soláthraithe teilitéipe comhdhlúite taifid a choinneáil a shíneadh go 5 bliana. Ba cheart an leasú sin a léiriú i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/577.

(5) Rinne ESMA measúnú ar cé acu is féidir nó nach féidir sonraí idirbhirt a thuairiscítear i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a úsáid chun an méid iomlán trádála in ionstraim airgeadais san Aontas agus céatadán na trádála in ionstraim airgeadais san Aontas a dhéantar faoin tarscaoileadh praghais tagartha dá dtagraítear in Airteagal 5 den Rialachán sin a ríomh. I bhfianaise thorthaí dearfacha an mheasúnaithe sin agus an ghá an t-ualach tuairiscithe a laghdú do rannpháirtithe sa mhargadh, d'fhógair ESMA go n-úsáidfear sonraí idirbhirt a thuairiscítear i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 chun tomhas cruinn a sholáthar ar an méid iomlán trádála in aghaidh na hionstraime airgeadais agus ar chéatadáin na trádála faoin tarscaoileadh praghais tagartha ar fud an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 5 den Rialachán sin. Dá bhrí sin, ba cheart na nithe seo a leanas a scriosadh: Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/577 maidir leis na ceanglais tuairiscithe d'ionaid trádála agus do sholáthraithe teilitéipe comhdhlúite chun críoch an tsásra caidhpeála méide, agus na ceanglais ar údaráis inniúla tuairisciú do ESMA chun críocha an tsásra caidhpeála méide a leagtar amach in Airteagal 7. Ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/577, ina leagtar amach formáidí na tuarascála chun críoch an tsásra caidhpeála méide, a scriosadh freisin.

(6) Le hAirteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/577, ceanglaítear ar údaráis inniúla na sonraí a fuair siad ó ionad trádála, socrú formheasta maidir le foilsiú nó soláthraí teilitéipe comhdhlúite a sholáthar do ESMA chun críoch na hoibleagáide trádála maidir le díorthaigh. Ina ionad sin, d'fhonn teacht leis an gcleachtas

---

[15] Rialachán (AE) 2024/791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a mhéid a bhaineann le trédhearcacht sonraí a fheabhsú, deireadh a chur leis na bacainní atá ar theacht chun cinn teilitéipeanna comhdhlúite, na ceanglais trádála a bharrfheabhsú agus toirmeasc a chur ar íocaíocht a fháil i leith sreabhadh orduithe (IO L, 2024/791, 8.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/791/oj).

maoirseachta atá ann faoi láthair, cleachtas trína ndéanann ionaid trádála, socruithe formheasta maidir le foilsiú agus soláthraithe teilitéipe comhdhlúite na sonraí a chur faoi bhráid ESMA go díreach, ba cheart a cheangal go ndéanfaí sonraí a thuairisciú go díreach do ESMA.

(7) Leasaíodh Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir leis an gcaidhpeáil méide le Rialachán (AE) 2024/791 trí chaidhpeáil aonair méide uile-Aontais arna socrú ag 7 % a chur in ionad na caidhpeála dúbailte méide. Le Rialachán (AE) 2024/791, baineadh freisin de raon feidhme na n-idirbheart atá faoi réir na caidhpeála méide na hidirbhearta a dhéantar faoin tarscaoileadh dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (b)(i), de Rialachán Uimh. 600/2014 (tarscaoileadh trádála idirbheartaithe le haghaidh ionstraimí leachtacha), agus ceadaíodh d'ionaid trádála úsáid an tarscaoilte dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (a), den Rialachán sin (tarscaoileadh praghais tagartha) a chur ar fionraí ar bhonn na sonraí trádála a fhoilsíonn ag ESMA ar bhonn ráithiúil. Ina theannta sin, le Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16], tugadh isteach sainmhíniú comhchuibhithe ar 'formáid mheaisín-inléite' is infheidhme maidir le comhlachtaí earnála poiblí. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/577 maidir leis na ceanglais foilseacháin do ESMA chun críocha na caidhpeála méide a leasú chun teacht leis na hathruithe sin.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/577 a leasú dá réir sin.

(9) Is ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir ESMA faoi bhráid an Choimisiúin atá an Rialachán seo bunaithe.

(10) Reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara féideartha agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/577**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/577 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) scriostar pointe (e);

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (f) agus (g):

'(f) méid caighdeánach an mhargaidh is infheidhme maidir le hinmheánaitheoirí córasacha a dhéileálann in ionstraimí cothromais agus in ionstraimí atá cosúil le cothromas;

(g) i gcás ionstraimí cothromais agus ionstraimí atá cosúil le cothromas, an méid iomlán trádála san Aontas in aghaidh na hionstraime airgeadais sa 12 mhí

[16] Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1024/oj).

[17] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

roimhe sin agus céatadáin na trádála i ngach ionstraim airgeadais a rinneadh ar fud an Aontais faoin tarscaoileadh dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 sa 12 mhí roimhe sin;';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'*Airteagal 2*

**Ábhar na n-iarrataí ar shonraí agus an fhaisnéis atá le tuairisciú**

1. I gcás na ríomhanna a dhéantar ar dhátaí réamhshocraithe nó ag minicíochtaí réamhshainithe, soláthróidh ionaid trádála, socruithe formheasta maidir le foilsiú agus soláthraithe teilitéipe comhdhlúite do ESMA agus dá n-údaráis inniúla na sonraí uile is gá chun na ríomhanna a leagtar amach sna Rialacháin seo a leanas a dhéanamh:

(a) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587;

(b) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583;

(c) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/567.

2. In iarrataí ó ESMA agus ó údaráis inniúla ar fhaisnéis *ad hoc* chun críocha Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, beidh ainm an eintitis tuairiscithe agus aon mhionsonraí is gá chun críoch na hiarrata.

3. Arna iarraidh sin, soláthróidh ionaid trádála, socruithe formheasta maidir le foilsiú agus soláthraithe teilitéipe comhdhlúite do ESMA agus dá n-údaráis inniúla na sonraí uile atá le cur san áireamh ag ESMA de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2020 le haghaidh ionstraimí airgeadais neamhchothromais, lena n-áirítear sonraí maidir leis an méid seo a leanas:

(a) meánmhinicíocht na dtrádálacha;

(b) meánmhéid agus meándáileadh na dtrádálacha;

(c) an líon agus an cineál rannpháirtithe sa mhargadh;

(d) meánmhéid na raonta difríochta.';

(3) in Airteagal 3, scriostar mír 3;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 4 agus 5:

'*Airteagal 4*

**Formáid na n-iarrataí ar shonraí**

1. Déanfaidh ionaid trádála, socruithe formheasta maidir le foilsiú agus soláthraithe teilitéipe comhdhlúite na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 2(1) a thíolacadh i bhformáid XML choiteann.

2. Déanfaidh ionaid trádála, socruithe formheasta maidir le foilsiú agus soláthraithe teilitéipe comhdhlúite na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 2, míreanna (2) agus (3), a thíolacadh san fhormáid a shonraítear san iarraidh.

*Airteagal 5*

**Na cineálacha sonraí nach mór a stóráil agus an tréimhse ama a dhéanfaidh ionaid trádála, socruithe formheasta maidir le foilsiú agus soláthraithe teilitéipe comhdhlúite na sonraí a stóráil**

1. Déanfaidh ionaid trádála, socruithe formheasta maidir le foilsiú agus soláthraithe teilitéipe comhdhlúite na sonraí uile is gá chun na ríomhanna dá

dtagraítear in Airteagal 2(1) a dhéanamh a stóráil ar feadh 5 bliana, gan beann ar cé acu a cuireadh nó nár cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí.

2. Déanfaidh ionaid trádála, socruithe formheasta maidir le foilsiú agus soláthraithe teilitéipe comhdhlúite na sonraí uile a fhéadfaidh ESMA nó údaráis inniúla a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 2, míreanna (2) agus (3), a stóráil ar feadh 5 bliana, gan beann ar cé acu a cuireadh nó nár cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí.';

(5) scriostar Airteagal 6;

(6) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'*Airteagal 7*

**Ceanglais ar ionaid trádála, socruithe formheasta maidir le foilsiú agus soláthraithe teilitéipe comhdhlúite maidir le tuairisciú chuig ESMA i dtaca leis an oibleagáid trádála maidir le díorthaigh**';

(b) scriostar mír 1;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Déanfaidh ionaid trádála, socruithe formheasta maidir le foilsiú agus soláthraithe teilitéipe comhdhlúite, gan moill mhíchuí agus tráth nach déanaí ná 3 lá oibre tar éis na sonraí lena mbaineann a fháil, na sonraí a chur faoi bhráid ESMA chun a chinneadh an bhfuil díorthaigh leachtach go leordhóthanach, dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (h).';

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

'*Airteagal 8*

**Ceanglais foilseacháin ar ESMA maidir leis an gcaidhpeáil méide**

1. Foilseoidh ESMA na tomhais ar an méid iomlán trádála le haghaidh gach ionstraime airgeadais sa 12 mhí roimhe sin agus ar na céatadáin trádála faoin tarscaoileadh praghais tagartha ar fud an Aontais sa 12 mhí roimhe sin, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, tráth nach déanaí ná 22:00 CET ar an seachtú lá oibre tar éis dheireadh mhí an Mhárta, mhí an Mheithimh, mhí Mheán Fómhair agus mhí na Nollag gach bliain féilire.

2. Foilseofar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 saor in aisce agus i bhformáid atá inléite ag meaisín agus inléite ag an duine mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (4), de Rialachán (AE) 2023/2859 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus mar a shonraítear in Airteagal 13(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/567.

3. I gcás ina dtrádáiltear ionstraim airgeadais i níos mó ná airgeadra amháin ar fud an Aontais, déanfaidh ESMA na méideanna uile a chomhshó in euro trí úsáid a bhaint as meánrátaí malairte arna ríomh ar bhonn na rátaí tagartha malairte eachtraí euro laethúla a d'fhoilsigh an Banc Ceannais Eorpach ar a shuíomh gréasáin sa 12 mhí roimhe sin. Úsáidfidh ESMA na méideanna comhshóite sin chun méid iomlán na trádála agus céatadáin na trádála faoin tarscaoileadh praghais tagartha ar fud an Aontais dá dtagraítear i mír 1 a ríomh agus a fhoilsiú.

* Rialachán (AE) 2023/2859 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena mbunaítear pointe rochtana aonair Eorpach lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil don phobal agus atá ábhartha do sheirbhísí airgeadais, do mhargaí caipitil agus don inbhuanaitheacht (IO L, 2023/2859, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2859/oj.’;

(8) scriostar an Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20.2.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*